**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**A10-0004/2024**

7.10.2024

*

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát
(COM(2024)0599 – C10-0084/2024 – 2024/0599(NLE))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Li Andersson

(Nós imeachta simplithe – Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR........................................................................................47

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ........................................................48

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........49

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát**
**(COM(2024)0599 – C10-0084/2024 – 2024/0599(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2024)0599),

– ag féachaint d'Airteagal 148(2), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0084/2024),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0004/2024),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Is díol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoirlínte fostaíochta nuashonraithe do na Ballstáit, go háirithe an bhéim láidir atá ann ar an oideachas agus ar an oiliúint chomh maith le*** |

***teicneolaíochtaí nua, an intleacht shaorga agus bainistiú algartamach chomh maith le tionscnaimh bheartais a rinneadh le déanaí amhail obair ardáin, tithíocht inacmhainne agus dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna. D'fhonn an chinnteoireacht dhaonlathach a neartú, iarrann Parlaimint na hEorpa an athuair go mbeadh sí rannpháirteach i socrú na dTreoirlínte Comhtháite ar leibhéal an Aontais ar comhchéim leis an gComhairle, i gcomhréir lena rúin reachtacha an 8 Iúil 2015, an 19 Aibreán 2018, an 10 Iúil 2020 agus an 18 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle ar threoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát.***

*Réasúnú*

*Le cur san áireamh sa rún ón bParlaimint.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá na Ballstáit agus an tAontas le hoibriú i dtreo straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt agus go háirithe chun fórsa saothair sciliúil oilte inoiriúnaithe a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair a bheidh dírithe ar an todhchaí agus a bheidh freagrúil don athrú eacnamaíoch, d'fhonn na cuspóirí maidir le lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta, fás cothrom, ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) bhaint amach. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é an fhostaíocht a chur chun cinn agus | (1) Tá na Ballstáit agus an tAontas le hoibriú i dtreo straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt agus go háirithe chun fostaíocht ar ***ardchaighdeán agus feabhas a chur ar dhálaí oibre,*** fórsa saothair sciliúil oilte inoiriúnaithe a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair atá ***cuimsitheach, athléimneach,*** dírithe ar an todhchaí agus freagrúil don athrú eacnamaíoch ***agus déimeagrafach***, d'fhonn na cuspóirí lánfhostaíochta agus dul chun cinn sóisialta, fás cothrom, ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a bhaint amach. |

déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíocht ina leith sin i dtionól na Comhairle, agus cleachtais náisiúnta a bhaineann le freagrachtaí an lucht bainistíochta agus an lucht saothair á gcur san áireamh.

Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é an fhostaíocht ***ardchaighdeáin*** a chur chun cinn agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíocht ina leith sin i dtionól na Comhairle, agus cleachtais náisiúnta a bhaineann le freagrachtaí an lucht bainistíochta agus an lucht saothair á gcur i gcuntas.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú mar aon le cóineasú aníos, chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, chun bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú, agus chun margaí saothair cuimsitheacha, iomaíocha agus athléimneacha a bhaint amach san Aontas, ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus oibrithe oilte, agus oideachas agus oiliúint chuimsitheach ar ardcháilíocht a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar scileanna bunúsacha a fheabhsú, go háirithe i measc mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste, agus ar ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) i scoileanna agus san ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint atá dírithe ar an todhchaí, agus uas-sciliú agus athsciliú ar feadh an tsaoil, chomh maith le beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir le margadh an tsaothair agus dálaí oibre agus deiseanna gairme feabhsaithe. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin le haghaidh na réigiún lagfhorbartha, iargúlta agus is forimeallaí san Aontas, sna háiteanna a bhfuil na riachtanais is mó. Is féidir aghaidh a thabhairt ar ghanntanais a thuilleadh trí shoghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a fheabhsú d'oibrithe agus d'fhoghlaimeoirí agus trí thallann a | (4) Chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú mar aon le cóineasú aníos, chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, chun bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú, agus chun margaí saothair cuimsitheacha, iomaíocha agus athléimneacha a bhaint amach san Aontas, ba cheart do na Ballstáit, ***agus aon iarmhairtí sóisialta diúltacha a chosc, pá cothrom, dálaí réasúnta oibre a chur chun cinn, an daonlathas ag an obair, idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chothú, cearta oibrithe a chosaint,*** aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus oibrithe oilte, agus oideachas agus oiliúint chuimsitheach ar ardcháilíocht a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar scileanna bunúsacha ***trasghearrtha*** a fheabhsú, go háirithe i measc mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste, agus ar ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, ***innealtóireacht agus matamaitic***) i scoileanna agus san ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint atá dírithe ar an todhchaí, agus uas-sciliú agus athsciliú ar feadh an tsaoil, chomh maith le beartais ghníomhacha éifeachtacha mhargadh an tsaothair agus dálaí oibre agus deiseanna gairme feabhsaithe. ***Ba cheart do na Ballstáit bearta coiscthe agus pras-idirghabhála a dhéanamh chun*** |

mhealladh ó lasmuigh den Aontas. Ina theannta sin, ba cheart na naisc idir na córais oideachais agus oiliúna agus margadh an tsaothair a neartú agus scileanna, eolas agus inniúlachtaí arna sealbhú tríd an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint.

***luathfhágáil na scoile a laghdú, agus díriú go háirithe ar mhic léinn agus ar dhaltaí atá i mbaol. Ba cheart go n-áireodh na bearta sintacaíocht shíceolaíoch, meantóireacht, gairmthreoir agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim chun suim agus rannpháirtíocht na mac léinn a chothú, chun oideachas cuimsitheach agus ardchaighdeáin a chinntiú do chách.*** Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin le haghaidh na réigiún lagfhorbartha, iargúlta agus is forimeallaí san Aontas, sna háiteanna a bhfuil na riachtanais is mó. Is féidir aghaidh a thabhairt ar ghanntanais a thuilleadh trí shoghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a fheabhsú ***i measc na réigiún sna Ballstáit chéanna,*** d'oibrithe agus d'fhoghlaimeoirí agus trí thallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas. ***Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach aird ar leith a thabhairt ar dhaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna), eadhon daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna. Ba cheart do na Ballstáit beartais shonracha a chur chun cinn chun NEETanna a athimeascadh sa chóras oideachais agus i margadh an tsaothair trí chláir spriocdhírithe oiliúna, meantóireachta, treorach agus socrúcháin fostaíochta***. Ina theannta sin, ba cheart na naisc idir na córais oideachais agus oiliúna agus margadh an tsaothair a neartú tuilleadh, ***lena gcothófaí fáil eolais idirdhisciplíneach agus scileanna boga, chomh maith le hidirnáisiúnú na tairisceana oideachais a spreagadh, lena n-áirítear d'ollscoileanna,*** agus scileanna, eolas agus inniúlachtaí a fhaightear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá na Treoirlínte comhsheasmhach le ***Creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024***, reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear Moltaí an 14 Meitheamh 2021 ([5] ), 29 Samhain 2021 ([6] ), 5 Aibreán 2022 ([7] ), 16 Meitheamh 2022 ([8] ), 28 Samhain 2022 ([9] ), 8 Nollaig 2022 ([10] ), 30 Eanáir 2023 ([11] ), 12 Meitheamh 2023 ([12] ) and 27 Samhain 2023 ([13] ), ón gComhairle, Moladh (AE) 2021/402) ón gCoimisiún ([14] ), Moladh an 26 Feabhra 2021 ón gComhairle([15] ), Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le geilleagar a fhóireann do dhaoine a thógáil: Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta ([16]), Plean Gníomhaíochta don Oideachas digiteach 2021-2027([17]), Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030([18]), an Pacáiste maidir le Fostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas([19]), Straitéis Cúraim na hEorpa ([20]), Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach([21]), an t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach([22]), Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát([23]) ,agus ganntanas saothair agus ganntanas scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta([24]) , Cinntí (AE) 2021/2316([25]) agus (AE) 2023/936([26]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha (AE) 2022/2041([27]), (AE) 2022/2381([28]) agus AE 2023/970([29]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus an ***Togra*** ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin([30]) | (5) ***Cuidíonn*** na Treoirlínte ***le cur chun feidhme iomlán Cholún Sóisialta na hEorpa, príomhspriocanna an Aontais do 2030 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus*** tá siad comhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais láithreach tionscnaimh éagsúla an Aontais, lena n-áirítear Moltaí an 14 Meitheamh 2021 ([5]), 29 Samhain 2021 ([6]), 5 Aibreán 2022 ([7]), 16 Meitheamh 2022 ([8]), 28 Samhain 2022 ([9]), 8 Nollaig 2022 ([10]), 30 Eanáir 2023 ([11]), 12 Meitheamh 2023 ([12]) and 27 Samhain 2023 ([13]), ón gComhairle, Moladh (AE) 2021/402) ón gCoimisiún ([14]), Moladh an 26 Feabhra 2021 ón gComhairle([15]), Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le geilleagar a fhóireann do dhaoine a thógáil: plean gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta ([16]), Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027([17]), Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030([18]), an Pacáiste maidir le Fostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas([19]), Straitéis Cúraim na hEorpa ([20]), Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach([21]), an t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach([22]), Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát([23]) ,agus ganntanas saothair agus ganntanas scileanna san Aontas Eorpach: plean gníomhaíochta ([24]), Cinntí (AE) 2021/2316 ([25]) agus (AE) 2023/936 ([26]), ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha (AE) 2022/2041 ([27]), (AE) 2022/2381 ([28]), AE 2023/970 ([29]) ***agus AE 2024/1500([29a])*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú ([30])***, le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do*** |

***dhaoine faoi mhíchumas (30a), le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le Comhairlí Oibreacha Eorpacha a bhunú agus a fheidhmiú (30b), agus le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú (30c).***

[5] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

[6] Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaiscthe i gcomhair bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 504, 14.12.2021, lch. 21).

[7] Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).)

[8] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10), Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair (IO C 243, 27.6.2022, lch. 26), Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35) agus Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

[9] Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus lena n-ionadaítear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (IO C 469, 9.12.2022, lch. 1).

[10] Moladh ón gComhairle an

[5] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

[6] Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cineálacha cur chuige foghlama cumaiscthe i gcomhair bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 504, 14.12.2021, lch. 21).

[7] Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach Eorpach san ardoideachas (IO C 160, 13.4.2022, lch. 1).)

[8] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (IO C 243, 27.6.2022, lch. 10), Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair (IO C 243, 27.6.2022, lch. 26), Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35) agus Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

[9] Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus lena n-ionadaítear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (IO C 469, 9.12.2022, lch. 1).

[10] Moladh ón gComhairle an

8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1) agus Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (IO C 484, 20.12.2022, lch. 1).

[11] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

[12] Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (IO C/2023/1389, 6.12.2023).

[13] Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (IO C/2023/1344, 29.11.2023).

[14] Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

[15] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

[16] COM(2021) 778 final.

[17] COM(2020) 624 final.

[18] COM(2021) 101 final.

[19] An Pacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú — An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[20] COM(2022) 440 final.

[21] COM(2023) 62 final.

[22] COM(2023) 38 agus 40 final.

8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1) agus Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (IO C 484, 20.12.2022, lch. 1).

[11] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

[12] Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (IO C/2023/1389, 6.12.2023).

[13] Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (IO C/2023/1344, 29.11.2023).

[14] Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/402 an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE) (IO L 80, 8.3.2021, lch. 1).

[15] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

[16] COM(2021) 778 final.

[17] COM(2020) 624 final.

[18] COM(2021) 101 final.

[19] An Pacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú — An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[20] COM(2022) 440 final.

[21] COM(2023) 62 final.

[22] COM(2023) 38 agus 40 final.

[23] COM(2022) 494 final.

[24] COM(2024) 131 final.

[25] Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).

[26] Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna (IO L 125, 11.5.2023, lch. 1).

[27] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

[28] Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara (IO L 315, 7.12.2022, lch. 44).

[29] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (OJ L 132, 17.5.2023, lch. 21).

[30] COM (2021) 762 ***final***

[23] COM(2022) 494 final.

[24] COM(2024) 131 final.

[25] Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1).

[26] Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna (IO L 125, 11.5.2023, lch. 1).

[27] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

[28] Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara (IO L 315, 7.12.2022, lch. 44).

[29] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (OJ L 132, 17.5.2023, lch. 21).

***[29a] Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj).***

[30] COM(2021)0762

***[30a] COM (2023)0512***

***[30b] COM (2024)0014***

[30c] *COM (2024)0132*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach ar mhaithe le comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta laistigh den Aontas. Agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, an táirgiúlacht, an chothroime agus an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch á saothrú leis an Seimeastar Eorpach, comhtháthaítear leis freisin prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus prionsabail na huirlise faireacháin a ghabhann leis, an Scórchlár Sóisialta, agus fágann sé gur féidir anailís a dhéanamh ar rioscaí agus dúshláin maidir le cóineasú sóisialta aníos san Aontas, agus déantar foráil maidir le rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Tacaítear leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach freisin. Ba cheart beartais eacnamaíocha agus fostaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite in aistriú cothrom na hEorpa i dtreo geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus digiteach, agus leis na beartais sin ba cheart feabhas a chur ar an iomaíochas, dálaí oibre leormhaithe a áirithiú, an nuálaíocht a chothú, an ceartas sóisialta, comhionannas deiseanna agus cóineasú socheacnamaíoch aníos a chothú, chomh maith le dul i ngleic leis an neamhionannas agus le héagothromaíochtaí réigiúnacha. | (6) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach ar mhaithe le comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha, fostaíochta***, shóisialta agus chomhshaoil*** laistigh den Aontas. ***Mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí socheacnamaíocha don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta.*** Agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch á saothrú ag an Seimeastar Eorpach, déantar foráil maidir le rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí eile. Tacaíonn sé chomh maith leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ***(SDGanna) a bhaint amach, lena n-áirítear SDG5 ar chomhionannas inscne***. ***Ba cheart beartais chomhionannais inscne a dhaingniú agus a phríomhshruthú i ngach céim den rialachas eacnamaíoch.*** Ba cheart beartais eacnamaíocha agus fostaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite in aistriú cothrom an Aontais i dtreo geilleagar aeráidneodrach, ***cuimsitheach go sóisialta,*** inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ***geilleagar digiteach, táirgiúlacht a fheabhsú, pá cothrom agus*** |

***dálaí oibre réasúnta a áirithiú, nuálaíocht, daonlathas ag an obair***, idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chothú, ceartas sóisialta, comhdheiseanna agus cóineasú socheacnamaíoch aníos a chur chun cinn, ***tacú le leanaí agus daoine óga*** agus ***infheistiú iontu***, dul i ngleic le héagothroime agus difríochtaí réigiúnacha ***agus an bhochtaineacht a dhíothú***.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá geilleagair agus sochaithe an Aontais á n-athrú ó bhonn leis an athrú aeráide agus dúshláin eile a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an ngá atá le haistriú glas cothrom a áirithiú, neamhspleáchas fuinnimh, iomaíochas feabhsaithe tionscal glan-nialasach agus an gá atá le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a dhaingniú, mar aon le forbairt an digitithe, na hintleachta saorga agus gheilleagair ardán, an méadú ar an teilea-obair, agus an t-athrú déimeagrafach. Tá an tAontas agus na Ballstáit le hoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí struchtúracha den sórt sin go héifeachtach agus go réamhghníomhach agus chun na córais atá ann cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirspleáchas gheilleagair agus mhargaí saothair na mBallstát, agus do bheartais ghaolmhara. Chuige sin, teastaíonn gníomhaíocht beartais atá comhordaithe, uaillmhianach agus éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon agus aitheantas á thabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta san am céanna, i gcomhréir le CFAE agus le forálacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch, agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta á chur san áireamh. Ba cheart a chuimsiú leis an ngníomhaíocht beartais sin borradh faoi | Tá geilleagair agus sochaithe an Aontais á n-athrú ó bhonn leis an athrú aeráide***, caillteanas na bithéagsúlachta*** agus dúshláin eile a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an ngá atá le haistriú glas cothrom a áirithiú, neamhspleáchas fuinnimh, iomaíochas feabhsaithe tionscal glan-nialasach agus an gá atá le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a dhaingniú, mar aon le forbairt an digitithe, na hintleachta saorga agus gheilleagair ardán, an méadú ar an teilea-obair, agus an t-athrú déimeagrafach. Tá an tAontas agus na Ballstáit le hoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí struchtúracha den sórt sin go héifeachtach agus go réamhghníomhach agus chun na córais atá ann cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirspleáchas gheilleagair agus mhargaí saothair na mBallstát, agus do bheartais ghaolmhara. Chuige sin, teastaíonn gníomhaíocht beartais atá comhordaithe, uaillmhianach agus éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta ***agus leibhéil réigiúnacha*** agus aitheantas á thabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta san am céanna ***agus baint acu leis***, i gcomhréir le CFAE agus le forálacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch, agus Colún Eorpach na |

| | |
|---|---|
| infheistíocht inbhuanaithe ar fud réigiúin uile an Aontais, gealltanas athnuaite d'athchóirithe agus infheistíochtaí cuí-sheicheamhaithe lena gcuirtear feabhas ar fhás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe, cruthú post ar ardchaighdeán, táirgiúlacht, dálaí oibre leordhóthanacha, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú socheacnamaíoch aníos, athléimneacht agus feidhmiú freagrachta fioscaí. | gCeart Sóisialta á chur i gcuntas. Ba cheart a chuimsiú leis an ngníomhaíocht beartais sin borradh faoi infheistíocht inbhuanaithe ar fud réigiúin uile an Aontais, gealltanas athnuaite d'athchóirithe agus infheistíochtaí cuí-sheicheamhaithe lena gcuirtear feabhas ar fhás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe, cruthú post ar ardchaighdeán, táirgiúlacht, dálaí oibre ***córa***, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú socheacnamaíoch aníos, ***ceartas sóisialta, comhdheiseanna,*** athléimneacht agus feidhmiú freagrachta fioscaí ***agus sóisialta***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, cháin an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, gníomhaíochtaí na Rúise lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain, agus chuir sí dlúthpháirtíocht in iúl le muintir na hÚcráine, agus chuir sí i dtábhacht sárú na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, le cosaint shealadach, a dheonaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle agus a gcuirtear síniú léi le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle([37]), cuirtear cúnamh tapa éifeachtach ar fáil i mBallstáit an Aontais do dhaoine easáitithe atá ag teitheadh roimh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus fágann sé gur féidir leo leas a bhaint as cearta íosta ar fud an Aontais a chuireann leibhéal leormhaith cosanta ar fáil. Trí pháirt a ghlacadh i margaí saothair an Aontais, is féidir le daoine a easáitíodh as an Úcráin leanúint de bheith ag | (11) Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, cháin an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, gníomhaíochtaí na Rúise lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain, agus chuir sí dlúthpháirtíocht in iúl le muintir na hÚcráine, agus chuir sí i dtábhacht sárú na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, le cosaint shealadach, a dheonaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle agus a gcuirtear síniú léi le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle([37]), cuirtear cúnamh tapa éifeachtach ar fáil i mBallstáit an Aontais do dhaoine easáitithe atá ag teitheadh roimh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus fágann sé gur féidir leo leas a bhaint as cearta íosta ar fud an Aontais a chuireann leibhéal leormhaith cosanta ar fáil. ***Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá an cúnamh sin, de réir Threoir 2001/55/CE ón gComhairle([37a]), a leathnú*** |

rannchuidiú le geilleagar an Aontais a neartú agus cabhrú lena dtír agus lena muintir sa bhaile. D'fhéadfadh an taithí agus na scileanna a fuarthas rannchuidiú leis an Úcráin a atógáil san am atá le teacht. I gcás leanaí gan tionlacan agus déagóirí, tugann cosaint shealadach an ceart chun caomhnóireacht dhlíthiúil agus chun rochtain a fháil ar oideachas agus ar chúram leanaí. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de rannpháirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht na mbeart beartais arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i réimse na fostaíochta agus na scileanna, lena n-áirítear cáilíochtaí na ndaoine easáitithe ón Úcráin a aithint. Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le tionchar an chogaidh a mhaolú ó thaobh fostaíocht agus táirgeacht a chaomhnú.

***chun na daoine easáitithe uile agus na ndídeanaithe uile atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin***. Trí pháirt a ghlacadh i margaí saothair an Aontais, is féidir le daoine a easáitíodh as an Úcráin leanúint de bheith ag rannchuidiú le geilleagar an Aontais a neartú agus cabhrú lena dtír agus lena muintir sa bhaile. D'fhéadfadh an taithí agus na scileanna a fuarthas rannchuidiú leis an Úcráin a atógáil san am atá le teacht. I gcás leanaí gan tionlacan agus déagóirí, tugann cosaint shealadach an ceart chun caomhnóireacht dhlíthiúil agus chun rochtain a fháil ar oideachas agus ar chúram leanaí. Ba cheart do na Ballstáit ***a áirithiú go n-áiritheofar, agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí á cur chun feidhme, go mbeidh rochtain ar sheirbhísí saor in aisce do leanaí atá ag teitheadh ón Úcráin ar bhonn cothrom lena bpiaraí sna tíortha óstacha***. ***Ba cheart do na Ballstáit*** leanúint de rannpháirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht na mbeart beartais arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i réimse na fostaíochta agus na scileanna, lena n-áirítear cáilíochtaí na ndaoine easáitithe ón Úcráin a aithint. Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le tionchar an chogaidh a mhaolú ó thaobh fostaíocht agus táirgeacht a chaomhnú.

[37] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE 2023/2409) ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE)

[37] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE 2023/2409) ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE)

| | |
|---|---|
| 2022/382. | 2022/382. |
| | [37a] ***Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear sásraí náisiúnta chun pá a shocrú, ba cheart na cleachtais náisiúnta a urramú maidir le hidirphlé sóisialta chomh maith le neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, d’fhonn pá cothrom a sholáthar lena gcumasófar caighdeán maith maireachtála agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe chomh maith le cóineasú socheacnamaíoch aníos. Leis na hathchóirithe sin, ba cheart a fhágáil gur féidir breithniú ar thosca socheacnamaíocha go forleathan, lena n-áirítear feabhsuithe ar inbhuanaitheacht, iomaíochas, an nuálaíocht, cruthú post ardcháilíochta, dálaí oibre, bochtaineacht lucht oibre, oideachas, oiliúint agus scileanna, sláinte phoiblí, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, chomh maith le fíorioncaim. Ag Cruinniú Mullaigh Val Duchesse 2024, athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá an t-idirphlé sóisialta chun dul i ngleic le dúshláin i saol na hoibre, lena n-áirítear ganntanas saothair agus oibrithe oilte. | Leis na hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear sásraí náisiúnta chun pá a shocrú, ba cheart na cleachtais náisiúnta idirphlé sóisialta, ***cómhargáil*** agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú agus a ***neartú***, d’fhonn pá cothrom a sholáthar lena gcumasófar caighdeán cóir maireachtála agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe cóineasú socheacnamaíoch ***agus críochach*** aníos. Leis na hathchóirithe sin, ba cheart a fhágáil gur féidir breithniú ar thosca socheacnamaíocha go forleathan, lena n-áirítear feabhsuithe ar inbhuanaitheacht, iomaíochas, an nuálaíocht, cruthú post ardcháilíochta, dálaí ***córa*** oibre***, daonlathas ag an obair, comhionannas inscne***, bochtaineacht lucht oibre, oideachas, oiliúint agus scileanna, sláinte phoiblí, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, chomh maith le fíorioncaim. ***Ba cheart do na Ballstáit Treoir (AE) 2022/2041 a chur chun feidhme gan mhoill. Iarrtar ar na Ballstáit chomh maith, ag tosú le cur chun feidhme éifeachtach dian Threoir (AE) 2023/970, bearta a dhéanamh chun trédhearcacht pá a áirithiú, beartais faireacháin a chur chun feidhme agus cuideachtaí a*** |

| | |
|---|---|
| | ***spreagadh chun pleananna gníomhaíochta comhphá a chur chun feidhme***. Ag Cruinniú Mullaigh Val Duchesse 2024, athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá an t-idirphlé sóisialta chun dul i ngleic le dúshláin i saol na hoibre, lena n-áirítear ganntanas saothair agus oibrithe oilte. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tacaítear leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh geilleagair agus sochaithe an Aontais níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do na haistrithe glasa agus digiteacha sa chomhthéacs athraitheach a tháinig tar éis phaindéim COVID-19. Le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh a thuilleadh leis na dúshláin shocheacnamaíocha a bhí ann cheana, ós rud é go raibh tionchar ar leith ag praghsanna fuinnimh níos airde ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas leanúint de bheith ag áirithiú go maolófar na tionchair shóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha agus go mbeidh na haistrithe cothrom agus cóir ó thaobh cúrsaí sóisialta de, i bhfianaise freisin go gcuideoidh neamhspleáchas straitéiseach níos mó agus aistriú glas luathaithe le laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar allmhairiú fuinnimh agus táirgí agus teicneolaíochtaí straitéiseacha eile, go háirithe ón Rúis. Tá sé ríthábhachtach athléimneacht a neartú agus sochaí chuimsitheach athléimneach a shaothrú ina dtugtar cosaint do dhaoine agus ina dtugtar an chumhacht dóibh | Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tacaítear leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh geilleagair agus sochaithe an Aontais níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do na haistrithe glasa agus digiteacha sa chomhthéacs athraitheach a tháinig tar éis phaindéim COVID-19. Le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh a thuilleadh leis na dúshláin shocheacnamaíocha a bhí ann cheana, ós rud é go raibh tionchar ar leith ag praghsanna fuinnimh níos airde ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas leanúint de bheith ag áirithiú go maolófar na tionchair shóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha agus go mbeidh na haistrithe cothrom agus cóir ó thaobh cúrsaí sóisialta de, i bhfianaise freisin go gcuideoidh neamhspleáchas straitéiseach níos mó agus aistriú glas luathaithe le laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar allmhairiú fuinnimh agus táirgí agus teicneolaíochtaí straitéiseacha eile, go háirithe ón Rúis. Tá sé ríthábhachtach athléimneacht a neartú agus sochaí chuimsitheach athléimneach a shaothrú ina dtugtar cosaint do dhaoine agus ina dtugtar an chumhacht dóibh |

athruithe a thuar agus a bhainistiú, agus inar féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar.

athruithe a thuar agus a bhainistiú, agus inar féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar. ***Sid é an fáth nach mór an daonlathas ag an obair a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá gá le tacar comhleanúnach de bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, lena gcuimsítear fostú sealadach agus spriocdhírithe agus dreasachtaí aistrithe, beartais scileanna lena n-áirítear foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe agus seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe, éifeachtacha agus inoiriúnaithe, chun tacú le haistrithe i margadh an tsaothair agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe, i gcomhréir freisin le cur chuige an chuimsithe ghníomhaigh agus i bhfianaise na gclaochlaithe glasa agus digiteacha, mar a cuireadh i dtábhacht inter alia i nDearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta([38]). Ba cheart dálaí oibre leormhaithe, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus idir shláinte coirp agus mheabhairshláinte oibrithe, a áirithiú. | Tá gá le tacar comhleanúnach de bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, lena gcuimsítear fostú sealadach agus spriocdhírithe agus dreasachtaí aistrithe, beartais scileanna lena n-áirítear foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe agus seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe, éifeachtacha agus inoiriúnaithe, chun tacú le haistrithe i margadh an tsaothair agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe, i gcomhréir freisin le cur chuige an chuimsithe ghníomhaigh agus i bhfianaise na gclaochlaithe glasa agus digiteacha, mar a cuireadh i dtábhacht inter alia i nDearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta([38]). Ba cheart dálaí oibre leormhaithe, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus idir shláinte coirp agus mheabhairshláinte oibrithe, a áirithiú. ***Mar sin, tá géarghá le pacáiste maidir le fostaíocht ardcháilíochta lena n-áirítear tionscnaimh reachtacha maidir le dálaí oibre cuibhiúla i ndáil le teilea-obair, an ceart chun dícheangail, agus an intleacht shaorga (IS) ag an ionad oibre; athbhreithniú ar na treoracha maidir le soláthar poiblí chun a áirithiú go gcuireann siad cómhargáil chun cinn; cur chuige 'fís nialais' arb é is aidhm dó básanna a bhaineann leis an obair a chosc, lena n-áirítear guaiseacha d'oibrithe ó adhaimsir arb é an t-athrú*** |

***aeráide agus rioscaí síceasóisialta san ionad oibre is cúis leo a chosc; treoir réime maidir le scéimeanna íosioncaim; méadú ar bhuiséad tiomnaithe na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí go dtí EUR 20 billiún ar a laghad; agus líontáin sábhála atá athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de agus lena gcomhtháthaítear oiriúnú don athrú aeráide i gcláir cosanta sóisialta agus creat do thionscnaimh fostaíochta dhíreacha atá dírithe ar an éileamh chun tacú le hoibrithe atá thíos le claochluithe sa mhargadh saothair nó le dífhostaíocht fhadtéarmach a chuimsiú i margadh an tsaothair.***

[38] Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. La Hulpe, an Bheilg, 16 Aibreán 2024.

[38] Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. La Hulpe, an Bheilg, 16 Aibreán 2024.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart dul i ngleic le hidirdhealú de gach cineál, comhionannas inscne a áirithiú agus fostaíocht daoine óga a áirithiú. Ba cheart rochtain chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách a áirithiú agus ba cheart an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú, go háirithe i gcás leanaí, daoine faoi mhíchumais agus na Romaigh, go háirithe trí fheidhmiú éifeachtach na margaí saothair agus córais chosanta sóisialta leordhóthanacha agus cuimsitheacha a áirithiú, mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 agus sa Mholadh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023([39]). Ina theannta sin, ba cheart deireadh a chur le bacainní ar oideachas cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí, oiliúint, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus | Ba cheart idirdhealú de gach cineál a scriosadh, comhionannas inscne a áirithiú agus fostaíocht daoine óga ***agus daoine os cionn 50 bliain d'aois*** a chur chun cinn. Ba cheart rochtain chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách a áirithiú agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta ***a dhíothú, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí leochaileacha, eadhon*** leanaí, daoine faoi mhíchumas, ***tuismitheoirí aonair, mionlaigh eitneacha, amhail*** Romaigh, daoine ***LGBTIQA+, daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta agus thuaithe agus daoine scothaosta.*** Ba cheart ***é sin a dhéanamh***, go háirithe trí fheidhmiú éifeachtach na margaí saothair agus córais cosanta sóisialta leordhóthanacha agus cuimsitheacha a áirithiú, mar a leagtar amach sa Mholadh |

rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus i gcúram na luath-óige, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ('spriocanna Barcelona do 2030'), chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a dhéanamh níos tarraingtí agus níos cuimsithí i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha agus glasa, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile. Is coinníoll riachtanach í rochtain ar thithíocht inacmhainne, lena n-áirítear trí thithíocht shóisialta, chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Tá tábhacht ar leith ag baint le rochtain thráthúil chomhionann ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear cosc agus cur chun cinn cúraim sláinte, i bhfianaise rioscaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois.

ón gComhairle an 8 Samhain 2019 agus sa Mholadh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 ([39]). Ina theannta sin, ba cheart bacainní ar oideachas cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí, oiliúint, athoiliúint, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a bhaint agus ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus i gcúram na luath-óige, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ('spriocanna Barcelona do 2030'), chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a dhéanamh níos tarraingtí agus níos cuimsithí i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha agus glasa, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile. Is coinníoll riachtanach í rochtain ar thithíocht ***chóir agus*** inacmhainne, lena n-áirítear trí thithíocht shóisialta, chun comhdheiseanna a áirithiú, ***sid é an fáth ar cheart don Aontas agus do na Ballstáit na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun cabhrú le tithíocht inacmhainne a chur ar fáil do chách. Tá an easpa dídine ar an eisiatacht shóisialta is measa, agus déanann sí difear diúltach do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine, dá ndea-bhail, agus dá gcáilíocht saoil, agus dá rochtain ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí eacnamaíocha agus sóisialta eile***. Tá tábhacht ar leith ag baint le rochtain thráthúil chomhionann ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear cosc agus cur chun cinn cúraim sláinte, i bhfianaise rioscaí

sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois. ***Is gá glacadh beart a spreagadh chomh maith chun an difríocht sa chumhacht cheannaigh láithreach idir réigiúin agus laistigh de na Ballstáit a laghdú, ós rud é gur féidir le cóineasú socheacnamaíoch aníos níos cuimsithí difear dearfach a dhéanamh do dháileadh deiseanna ar fud an Aontais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghairmeacha tearcíoctha, mar shampla múinteoirí agus gairmithe eile san oideachas, gairmithe san earnáil shóisialta agus cúraim sláinte, oibrithe iompair agus talmhaíochta. Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit a áireamh ina gcuraclaim acadúla tuiscint agus léirthuiscint ar bhunphrionsabail an Aontais a chur chun cinn, amhail an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta, chun feasacht níos fearr agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú.***

[39] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

[39] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41, 3.2.2023, lch. 1).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dtaca le hacmhainneacht daoine faoi mhíchumas rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta, ba cheart í a bhaint amach tuilleadh, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas([40]), inar iarradh ar na Ballstáit spriocanna fostaíochta agus foghlama aosaí a bhunú do dhaoine faoi mhíchumas. Leagtar béim i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na | I dtaca le hacmhainneacht daoine faoi mhíchumas rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta, ba cheart í a bhaint amach tuilleadh, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas([40]), inar iarradh ar na Ballstáit spriocanna fostaíochta agus foghlama aosaí a bhunú do dhaoine faoi mhíchumas. Leagtar béim i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na |

| | |
|---|---|
| Romaigh ar acmhainneacht na bpobal Romach imeallaithe chun ganntanais saothair agus scileanna a laghdú agus tá sé d'aidhm aige an bhearna fostaíochta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad ([41]). Le teicneolaíochtaí nua agus le háiteanna oibre atá ag athrú ar fud an Aontais, is mó an tsolúbthacht is féidir a bheith ann i dtaca le heagrú na hoibre chomh maith le táirgiúlacht agus cothromaíocht oibre is saoil feabhsaithe, agus, an tráth céanna, rannchuidítear le gealltanais ghlasa an Aontais. Ina theannta sin, leis na forbairtí sin cruthaítear dúshláin nua do mhargaí an tsaothair, dúshláin a dhéanann difear do dhálaí oibre daoine, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus do rochtain oibrithe agus daoine féinfhostaithe ar chosaint shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-eascróidh poist ardcháilíochta agus go ndéantar áiteanna oibre agus dálaí oibre sláintiúil sábháilte de thairbhe cineálacha nua eagrúcháin oibre, mar aon le cothromaíocht oibre is saoil, agus go gcoinneofar ar bun cearta seanbhunaithe saothair agus sóisialta agus go neartófar múnla sóisialta na hEorpa. | Romaigh ar acmhainneacht na bpobal Romach imeallaithe chun ganntanais saothair agus scileanna a laghdú agus tá sé d'aidhm aige an bhearna fostaíochta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad ([41]). Le teicneolaíochtaí nua agus le háiteanna oibre atá ag athrú ar fud an Aontais, is mó an tsolúbthacht is féidir a bheith ann i dtaca le heagrú na hoibre chomh maith le táirgiúlacht agus cothromaíocht oibre is saoil feabhsaithe, agus, an tráth céanna, rannchuidítear le gealltanais ghlasa an Aontais. Ina theannta sin, leis na forbairtí sin cruthaítear dúshláin nua do mhargaí an tsaothair, dúshláin a dhéanann difear do dhálaí oibre daoine, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus do rochtain oibrithe agus daoine féinfhostaithe ar chosaint shóisialta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-eascróidh poist ardcháilíochta agus go ndéantar áiteanna oibre agus dálaí oibre sláintiúil sábháilte de thairbhe cineálacha nua eagrúcháin oibre, mar aon le cothromaíocht oibre is saoil, ***aosú gníomhach agus sláintiúil*** agus go gcoinneofar ar bun cearta seanbhunaithe saothair agus sóisialta agus go neartófar múnla sóisialta na hEorpa. |

[40] COM(2021) 101 final.

[41] Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030, COM(2020) 620 final.

[40] COM(2021) 101 final.

[41] Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030, COM(2020) 620 final.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn I – pointe 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit geilleagar margaidh sóisialta inbhuanaithe a chur chun cinn go gníomhach agus infheistíocht | Ba cheart do na Ballstáit geilleagar margaidh sóisialta inbhuanaithe a chur chun cinn go gníomhach agus infheistíocht |

i gcruthú post ardcháilíochta a éascú agus tacú léi, agus leas a bhaint freisin as an acmhainneacht a bhaineann leis na haistrithe digiteacha agus glasa, i bhfianaise phríomhspriocanna an Aontais agus príomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir leis an bhfostaíocht. Chun na críche sin, ba cheart dóibh na bacainní a bhíonn ar ghnólachtaí agus iad ag earcú daoine a laghdú, fiontraíocht atá freagrach agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú agus, go háirithe, tacú le cruthú agus fás micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain a thabhairt ar mhaoiniú. Ba cheart do na Ballstáit forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear fiontair shóisialta, agus leas a bhaint as a acmhainneacht iomlán. Ba cheart dóibh bearta agus straitéisí ábhartha a fhorbairt le haghaidh an gheilleagair shóisialta, an nuálaíocht shóisialta a chothú agus samhlacha gnó a spreagadh lena gcruthaítear deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus lena ngintear leas sóisialta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear sa gheilleagar ciorclach agus sna críocha is mó a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar glas difear dóibh, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe airgeadais agus theicniúil.

i gcruthú post ardcháilíochta a éascú agus tacú léi, agus leas a bhaint freisin as an acmhainneacht a bhaineann leis na haistrithe digiteacha agus glasa, i bhfianaise phríomhspriocanna an Aontais agus príomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir leis an bhfostaíocht. ***Má thuartar go maith agus má mhaoinítear go substaintiúil é, ginfidh an t-aistriú i dtreo geilleagair inbhuanaithe, in-athnuaite agus chiorclacha acmhainneacht chun líon suntasach post nua a chruthú agus chun an fhostaíocht láithreach a chlaochlú ina poist ghlasa agus inbhuanaithe i bhformhór na n-earnálacha;*** Chuige sin, ba cheart do ***na Ballstáit éascú*** do ghnóthaí daoine a earcú, infheistiú go suntasach san aistriú glas, agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, fiontraíocht fhreagrach agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú, ***lena n-áirítear i measc na mban, daoine óga, daoine scothaosta agus grúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart dóibh***, go háirithe, tacú le cruthú agus fás micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain ***níos fearr*** ar mhaoiniú. Ba cheart do na Ballstáit ***an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta agus an Margadh Glas a chur chun feidhme go hiomlán agus*** forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear fiontair shóisialta, agus leas a bhaint as a phoitéinseal iomlán. Ba cheart dóibh bearta agus ***straitéisí*** ábhartha a fhorbairt don gheilleagar sóisialta, ***agus*** nuálaíocht shóisialta a chothú***.*** Ba cheart do ***na Ballstáit*** samhlacha gnó a spreagadh a chruthaíonn deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus a ghineann leas sóisialta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear sa gheilleagar ciorclach agus sna críocha is mó a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar glas difear dóibh, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe airgeadais agus theicniúil.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn I – pointe 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun athléimneacht a neartú i bhfianaise suaití eacnamaíocha agus/nó suaití i margadh an tsaothair a d'fhéadfadh a bheith ann, tá ról tábhachtach ag scéimeanna oibre gearr-ama dea-cheaptha agus ag socruithe comhchosúla. Is féidir iad a bheith ina dtacaíocht le claochluithe struchtúracha freisin trí phróisis athstruchtúraithe a éascú agus tacú leo agus trí lucht saothair a ath-leithdháileadh ó earnálacha atá ag dul i léig i dtreo earnálacha atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi sin táirgiúlacht a mhéadú, fostaíocht a chaomhnú agus cuidiú chun an geilleagar a nuachóiriú, lena n-áirítear trí scileanna gaolmhara a fhorbairt. Ba cheart féachaint an bhféadfaí dreasachtaí fosaithe agus dreasachtaí aistrithe, bearta uas-scilithe agus athoiliúna, ach iad a bheith dea-cheaptha, a thabhairt isteach chun tacú le cruthú post ardcháilíochta agus le haistrithe ar feadh an tsaoil oibre, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna, i bhfianaise freisin na gclaochluithe digiteacha agus glasa, an athraithe dhéimeagrafaigh, agus thionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. | Chun athléimneacht a neartú i bhfianaise suaití eacnamaíocha agus/nó suaití féideartha i margadh an tsaothair, tá ról tábhachtach ag scéimeanna oibre gearrthéarmacha atá dea-cheaptha, ***amhail na cinn a forbraíodh i gcomhthéacs na hionstraime Eorpaí le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)***, agus ag socruithe comhchosúla. ***Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime láithrí agus sa todhchaí, lena n-áirítear tionchair ghéaraitheacha an athraithe aeráide amhail tonnta teasa, triomaigh nó falscaithe ar mhargadh an tsaothair.*** Is féidir ***scéimeanna oibre gearrthéarmacha*** a bheith ina dtacaíocht le claochluithe struchtúracha freisin trí phróisis athstruchtúraithe a éascú agus tacú leo agus trí lucht saothair a ath-leithdháileadh ó earnálacha atá ag dul i léig i dtreo earnálacha atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi sin táirgiúlacht a mhéadú, fostaíocht a chaomhnú agus cuidiú chun an geilleagar a nuachóiriú, lena n-áirítear trí scileanna gaolmhara a fhorbairt. Ba cheart dreasachtaí fosaithe agus dreasachtaí aistrithe, ***foghlaim ar feadh an tsaoil, gairmoideachas agus gairmoiliúint,*** agus bearta uas-scilithe agus athoiliúna***, a fhorbraítear i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta,*** atá dea-cheaptha, a bhreithniú chun tacú le cruthú post ardcháilíochta agus le haistrithe ar feadh an tsaoil oibre, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna, i bhfianaise freisin na gclaochluithe digiteacha agus glasa, an athraithe dhéimeagrafaigh, agus thionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. ***Tá deacrachtaí earcaíochta*** |

***agus lucht ganntanas saothair an-fhorleathan in earnálacha ina bhfuil dálaí oibre dúshlánacha agus droch-cháilíocht post. Mar sin, tá sé ríthábhachtach poist ardcháilíochta a chruthú agus straitéisí coinneála a chur chun feidhme chun oibrithe oilte a mhealladh. Ba cheart do na Ballstáit fostóirí a ghríosadh chun dálaí córa oibre agus fostaíochta a chur ar fáil agus infheistiú ina lucht saothair.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn I – pointe 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart an cánachas a aistriú ón saothar go dtí foinsí cánacha eile a thugann níos mó tacaíochta don fostaíocht agus don fhás cuimsitheach, agus atá ailínithe le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, ag féachaint d'éifeacht athdháilte an cháinchórais, agus ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leordhóthanach agus caiteachas spreagtha fáis a chosaint san am céanna. | Ba cheart don chánachas ***náisiúnta*** tacú le ***cruthú post agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil na córais chánach forchéimnitheach***, agus i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil. ***Ba cheart go méadódh aon athchóiriú cánach éifeacht athdháilte*** an chórais chánach, agus ioncam á chosaint ag an am céanna d'infheistíocht phoiblí, go háirithe seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, cosaint shóisialta agus caiteachas inbhuanaithe spreagtha fáis a chosaint. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn I – pointe 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit, lena n-áirítear iad sin a bhfuil pá íosta náisiúnta i bhfeidhm acu, cómhargáil a chur chun cinn maidir le socrú pá, agus rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar bhealach trédhearcach intuartha, lena gcuirfí freagrúlacht leormhaith an phá i | Ba cheart do na Ballstáit, lena n-áirítear iad sin a bhfuil íosphá náisiúnta i bhfeidhm acu, cómhargáil a chur chun cinn maidir le socrú pá, agus rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar shlí thrédhearcach intuartha, lena lamháiltear do fhreagrúlacht leormhaith an phá i leith |

| | |
|---|---|
| leith forbairtí táirgiúlachta san áireamh agus lena gcothófaí pá cothrom le haghaidh caighdeán sásúil maireachtála, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ar ioncam íseal nó ar mheánioncam ar mhaithe leis an gcóineasú aníos a neartú. Chomh maith leis sin, ba cheart dálaí socheacnamaíocha, lena n-áirítear fás fostaíochta, iomaíochas, cumhacht cheannaigh agus forbairtí réigiúnacha agus earnálacha, a chur san áireamh sna sásraí chun pá a shocrú. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go mbeidh pá leordhóthanach ag gach oibrí trí thairbhe a bhaint, go díreach nó go hindíreach, as comhaontuithe comhchoiteanna nó as pá íosta reachtúil leordhóthanach, agus tionchar an mhéid sin ar an iomaíochas, cruthú post ardcháilíochta, cumhacht cheannaigh agus bochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh. | forbairtí táirgiúlachta ***fadtéarma, boilsciú agus costas maireachtála,*** agus pá cothrom a chothú a chumasaíonn caighdeán maireachtála cóir ***do gach oibrí,*** agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ar ioncam íseal nó ar mheánioncam ar mhaithe leis an gcóineasú aníos a neartú. Chomh maith leis sin, ba cheart dálaí socheacnamaíocha, lena n-áirítear fás fostaíochta, iomaíochas, cumhacht cheannaigh agus forbairtí réigiúnacha agus earnálacha, a chur i gcuntas sna sásraí chun pá a shocrú. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go mbeidh pá leordhóthanach ag gach oibrí trí thairbhe a bhaint, go díreach nó go hindíreach, as comhaontuithe comhchoiteanna nó as pá íosta reachtúil leordhóthanach, agus tionchar an mhéid sin ar an iomaíochas, cruthú post ardcháilíochta, cumhacht cheannaigh agus bochtaineacht lucht oibre á chur i gcuntas. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 5 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun nach seachfhoinseofar thar lear cuideachtaí a fuair cabhair Eorpach, tá sé ríthábhachtach na rialacha státchabhrach agus na cláir chistiúcháin atá ann cheana a athbhreithniú agus réitigh straitéiseacha a bhunú a bheidh dírithe ar an mbonn tionsclaíoch a choinneáil laistigh den Eoraip. Áirítear anseo neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a neartú agus beartas tionsclaíoch láidir Eorpach a chur chun cinn. Ina theannta sin, ní mór bearta sóisialta agus fostaíochta a bheith ag gabháil leis an aistriú chun aistriú cóir a áirithiú do chách, chun a áirithiú nach bhfágfar aon oibrithe ná pobail ar lár le linn an*** |

***phróisis sin.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn I – pointe 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhthéacs na n-aistrithe digiteacha agus ghlasa, an athraithe dhéimeagrafaigh agus chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ba cheart do na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, iomaíochas, an infhostaitheacht agus forbairt an chaipitil dhaonna a chur chun cinn, lena gcothófaí sealbhú scileanna agus inniúlachtaí le linn shaol na ndaoine agus lena bhfreagrófaí ar riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus i bhfianaise phríomhspriocanna an Aontais agus na bpríomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir le scileanna chomh maith. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur ar fáil, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, torthaí foghlamtha a fheabhsú agus soláthar na scileanna agus inniúlachtaí is gá le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus rochtain a áirithiú ar an bhfoghlaim dhigiteach, oiliúint teanga (e.g. i gcás dídeanaithe, lena n-áirítear dídeanaithe ón Úcráin nó maidir le rochtain ar an margadh saothair a éascú i réigiúin trasteorann) agus sealbhú scileanna fiontraíochta. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, fiontair agus páirtithe leasmhara, agus i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, plean a chuir an Coimisiún i láthair i mí an Mhárta 2024, chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha sna córais oideachais agus | I gcomhthéacs na n-aistrithe digiteacha agus ghlasa, an athraithe dhéimeagrafaigh agus chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ba cheart do na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, ***cuimsitheacht,*** iomaíochas, an infhostaitheacht agus a chur chun cinn, agus forbairt ***agus*** sealbhú scileanna agus inniúlachtaí le linn shaol na ndaoine agus lena bhfreagrófaí ar riachtanais an mhargaidh saothair reatha agus amach anseo, agus i bhfianaise phríomhspriocanna an Aontais agus na bpríomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir le scileanna chomh maith. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur ar fáil, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, torthaí foghlamtha a fheabhsú agus soláthar na scileanna agus inniúlachtaí is gá le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus rochtain a áirithiú ar an bhfoghlaim dhigiteach, oiliúint teanga (e.g. i gcás dídeanaithe, lena n-áirítear dídeanaithe ón Úcráin nó le linn rochtain ar an margadh saothair a éascú i réigiúin trasteorann) agus sealbhú scileanna fiontraíochta***, nach bhfuil san áireamh go fóill i bpleananna oideachais tipiciúil***. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, fiontair agus páirtithe leasmhara, agus i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, plean a chuir an Coimisiún i láthair i mí an Mhárta 2024, chun aghaidh |

| | |
|---|---|
| oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus a n-ábharthacht i leith mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe airgeadais agus theicniúil. Rannchuideodh sé sin freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a chumasú, agus aghaidh á tabhairt ar neamhréir scileanna agus ar ghanntanais lucht saothair, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscail ghlan-nialasacha agus dhigiteacha, iad siúd atá ábhartha do shlándáil eacnamaíoch an Aontais san áireamh, agus iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas, amhail fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid nó athchóiriú foirgneamh. | a thabhairt ar na laigí struchtúracha sna córais oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus a n-ábharthacht i leith mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe airgeadais agus theicniúil. ***Ba cheart an ceart chun saoire oideachais íoctha chun críocha gairmiúla a spreagadh chun lamháil d'oibrithe freastal ar chláir oiliúna le linn uaireanta oibre agus saor in aisce do na hoibrithe, i gcomhréir le coinbhinsiúin ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS).*** Rannchuideodh sé sin freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a chumasú, agus aghaidh á tabhairt ar neamhréir scileanna agus ar ghanntanais lucht saothair, lena n-áirítear le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscail ghlan-nialasacha agus dhigiteacha, iad siúd atá ábhartha do shlándáil eacnamaíoch an Aontais san áireamh, agus iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas, amhail fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid nó athchóiriú foirgneamh. ***Tá ról ríthábhachtach ag dálaí oibre córa, lena gcuimsítear, i measc nithe eile, pá cothrom, gnáthchonarthaí fostaíochta, rochtain ar chosaint shóisialta, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, cothromaíocht mhaith oibre is saoil, am oibre réasúnta, ionadaíocht oibrithe, an daonlathas ag an obair agus cómhargáil, chun oibrithe oilte a mhealladh agus a choinneáil.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – pointe 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhul i ngleic leis an meath ar fheidhmíocht oideachais daoine óga, go háirithe i réimse na mbunscileanna. Tá gá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ghairm | Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhul i ngleic ***le haon mheath*** ar fheidhmíocht oideachais daoine óga, go háirithe i réimse na mbunscileanna. Tá gá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ghairm |

na múinteoireachta, lena n-áirítear tarraingteacht na gairme, chun dul i ngleic le ganntanas múinteoirí, agus an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh in inniúlachtaí scileanna digiteacha múinteoirí agus oiliúnóirí. Thairis sin, ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna na príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus scileanna digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha, agus smaointeoireacht chriticiúil i bhfianaise bhagairt na bréagaisnéise, chun bunchloch a leagan síos a chuideoidh lena n-inoiriúnaitheacht agus lena n-athléimneacht ar feadh an tsaoil, agus a áirithiú san am céanna go bhfuil múinteoirí ullmhaithe na hinniúlachtaí sin a chothú i bhfoghlaimeoirí. Ba cheart do na Ballstáit tacú le daoine fásta in aois oibre rochtain a fháil ar oiliúint agus dreasachtaí agus spreagadh daoine aonair a mhéadú chun oiliúint a lorg, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair, agus a áirithiú go mbeidh siad inaistrithe le linn aistrithe gairmiúla, agus trí chóras iontaofa measúnaithe cáilíochta oiliúna. Ba cheart do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí micridhintiúr a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an infhostaitheacht. Ba cheart go gcuirfeadh siad ar chumas gach duine riachtanais an mhargaidh saothair a réamh-mheas agus iad féin a chur in oiriúint níos fearr dóibh go háirithe trí uasoiliúint agus athoiliúint leanúnach agus trí threoir agus comhairleoireacht chomhtháite a sholáthar, d'fhonn tacú le haistrithe cothroma agus córa do chách, an fhostaíocht, torthaí sóisialta agus an táirgiúlacht a neartú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa mhargadh saothair agus ar neamhréir scileanna, athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair i gcás suaite a fheabhsú agus coigeartuithe féideartha a dhéanamh níos éasca.

na múinteoireachta, lena n-áirítear tarraingteacht na gairme, chun dul i ngleic le ganntanas múinteoirí, agus an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh in inniúlachtaí scileanna digiteacha múinteoirí agus oiliúnóirí. Thairis sin, ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna na príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus digiteacha mar aon le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha, agus smaointeoireacht chriticiúil i bhfianaise bhagairt na bréagaisnéise, chun bunchloch a leagan síos a chuideoidh lena n-inoiriúnaitheacht agus lena n-athléimneacht ar feadh an tsaoil, ***is gá chun aistrithe rathúla, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide,*** agus a áirithiú san am céanna go bhfuil múinteoirí ullmhaithe na hinniúlachtaí sin a chothú i bhfoghlaimeoirí. Ba cheart do na Ballstáit tacú le daoine fásta in aois oibre rochtain a fháil ar oiliúint agus dreasachtaí agus spreagadh daoine aonair a mhéadú chun oiliúint a lorg, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair agus a áirithiú go mbeidh siad inaistrithe le linn aistrithe gairmiúla, agus trí chóras iontaofa measúnaithe cáilíochta oiliúna. Ba cheart do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí micridhintiúr a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an infhostaitheacht. Ba cheart go gcuirfeadh siad ar chumas gach duine riachtanais an mhargaidh saothair a réamh-mheas agus iad féin a chur in oiriúint níos fearr dóibh go háirithe trí uasoiliúint agus athoiliúint leanúnach agus trí threoir agus comhairleoireacht chomhtháite a sholáthar, d'fhonn tacú le haistrithe cothroma agus córa do chách, ***agus aird ar leith á tabhairt ar oibrithe atá os cionn 50 bliain d'aois,*** an fhostaíocht, torthaí sóisialta agus an táirgiúlacht a neartú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa mhargadh saothair agus ar neamhréir scileanna, athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair i gcás suaite a fheabhsú agus coigeartuithe féideartha a

dhéanamh níos éasca.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna a chothú do chách trí aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear i dtéarmaí cumhdach réigiúnach. Go sonrach, ba cheart rochtain a thabhairt do leanaí ar oideachas agus ar chúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht, i gcomhréir le 'spriocanna Barcelona' nua agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ba cheart do na Ballstáit na leibhéil cháilitheachta fhoriomlána a ardú, an líon luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint a laghdú, tacú le rochtain chomhionann ar oideachas do leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta, tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, tacú le rochtain ar an oideachas treasach agus lena chríochnú, agus an líon céimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a mhéadú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san oideachas treasach araon, go háirithe i gcás na mban. Ba cheart tacú freisin le barrfheidhmíocht agus barr feabhais i dtorthaí oideachais, ós rud é go bhfuil ról acu maidir le hacmhainneacht nuálaíochta an Aontais amach anseo a chothú. Ba cheart do Stáit an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht a éascú le haghaidh daoine trí chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ardcháilíochta, chomh maith le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus na ndaoine is lú cáilíocht. Agus ceanglais nua na sochaithe | Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna a chothú do chách trí aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear i dtéarmaí cumhdach réigiúnach. Go sonrach, ba cheart rochtain a thabhairt do leanaí ar oideachas agus ar chúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht, i gcomhréir le 'spriocanna Barcelona' nua agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ba cheart do na Ballstáit na leibhéil cháilitheachta fhoriomlána a ardú, an líon luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint a laghdú, tacú le rochtain chomhionann ar oideachas do leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta, tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, tacú le rochtain ar an oideachas treasach agus lena chríochnú, agus an líon céimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a mhéadú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san oideachas treasach araon, go háirithe i gcás na mban. Ba cheart tacú freisin le barrfheidhmíocht agus barr feabhais i dtorthaí oideachais, ós rud é go bhfuil ról acu le linn acmhainneacht nuálaíochta an Aontais amach anseo a chothú. Ba cheart do ***na Ballstáit*** an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht a éascú le haghaidh daoine trí chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí ardcháilíochta ***íoctha***, chomh maith le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus na ndaoine is lú cáilíocht. Agus ceanglais nua na sochaithe |

digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit soláthar agus glacadh gairmoideachais agus gairmoiliúna solúbtha tosaigh agus leanúnaí a uasghrádú agus a mhéadú, an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a neartú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí éifeachtacha ardcháilíochta, agus tacú le daoine fásta ar bheagán oiliúna a n-infhostaitheacht a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ábharthacht an oideachais threasaigh a fheabhsú maidir le margadh an tsaothair, agus i gcás inarb iomchuí, taighde a fheabhsú freisin maidir leis an margadh sin; feabhas a chur ar fhaireachán agus ar réamhaisnéis scileanna; scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh níos feiceálaí agus níos inchomparáide, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas thar lear, agus a áirithiú go mbainfear úsáid níos comhsheasmhaí as aicmithe ar fud an Aontais (i.e. ESCO); agus deiseanna a mhéadú chun scileanna agus inniúlachtaí a fhaightear lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil a aithint agus a bhailíochtú, lena n-áirítear do dhídeanaithe agus do dhaoine faoi stádas cosanta sealadaí. Taobh amuigh de leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe lucht saothair intíre an Aontais, ach tallann agus scileanna a mhealladh ó lasmuigh den Aontas trí imirce bhainistithe, agus trí dhálaí oibre dúshaothraithe a chosc, is féidir rannchuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus saothair, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach amhail in earnálacha ETIM agus sa chúram sláinte agus sa chúram fadtéarmach.

digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur i gcuntas, ba cheart do na Ballstáit soláthar agus glacadh gairmoideachais agus gairmoiliúna solúbtha tosaigh agus leanúnaí a uasghrádú agus a mhéadú, an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a neartú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí éifeachtacha ardcháilíochta, agus tacú le daoine fásta ar bheagán oiliúna a n-infhostaitheacht a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit, ***i gcás inarb iomchuí,*** ábharthacht mhargadh an tsaothair don oideachas treasach agus don taighde a fheabhsú; feabhas a chur ar fhaireachán agus ar réamhaisnéis scileanna; scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh níos feiceálaí agus níos inchomparáide, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas thar lear, agus a áirithiú go mbainfear úsáid níos comhsheasmhaí as aicmithe ar fud an Aontais (i.e. ESCO); agus deiseanna a mhéadú chun scileanna agus inniúlachtaí a fhaightear lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil a aithint agus a bhailíochtú, lena n-áirítear do dhídeanaithe agus do dhaoine faoi stádas cosanta sealadaí. lasmuigh d’acmhainneacht neamhshaothraithe lucht saothair intíre an Aontais a úsáid, is féidir ***conairí dlí imirce a oscailt*** agus dálaí dúshaothraithe oibre a chosc ***trí chóir chomhionann a áirithiú idir oibrithe áitiúla agus náisiúnaigh tríú tíortha*** rannchuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus saothair, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach amhail in earnálacha ETIM ***chomh maith leis*** an gcúram sláinte agus an cúram fadtéarmach***, oideachas, iompar agus tógáil***. ***Mar an gcéanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach dtiocfaidh meath ar dhálaí oibre láithreacha d’oibrithe tí mar thoradh ar imirce lucht saothair. Trí Linn Tallainne AE a ghlacadh, mar aon leis an Treoir maidir le Cárta Gorm AE a thrasuí go huaillmhianach, d’fhéadfaí dul***

***i ngleic le ganntanas lucht saothair ar leibhéil agus earnálacha scileanna.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil atá comhordaithe agus saincheaptha a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus daoine neamhghníomhacha, cúnamh atá bunaithe ar thacaíocht don chuardach poist, an oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann na haistrithe glasa agus digiteacha nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnaithe aonair grinn ar dhaoine atá dífhostaithe a shaothrú a luaithe is féidir, tar éis 18 mí den dífhostaíocht ar a dhéanaí, d'fhonn an dífhostaíocht fhadtéarmach struchtúrach a laghdú agus a chosc. Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud ba cheart tacú le deiseanna fostaíochta óige ar ardcháilíocht. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun béim a leagan ar an gcaoi, leis na haistrithe glasa agus digiteacha, a dtugtar dearcadh athnuaite maidir leis an todhchaí agus a dtugtar deiseanna do dhaoine óga i margadh an tsaothair. | Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil atá comhordaithe agus saincheaptha a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe agus daoine neamhghníomhacha, cúnamh atá bunaithe ar thacaíocht don chuardach poist, an oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar dhaoine a ndéanann na haistrithe glasa agus digiteacha ***is gá*** nó suaití sa mhargadh saothair difear dóibh. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnuithe aonair grinne ar dhaoine dífhostaithe a shaothrú a luaithe is féidir d'fhonn laghdú mór a dhéanamh ar dhífhostaíocht fhadtéarmach struchtúrach agus í a chosc. Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc agus trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, rud ba cheart tacú le deiseanna fostaíochta óige ar ardcháilíocht. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun béim a leagan ar an gcaoi, leis na haistrithe glasa agus digiteacha, a dtugtar dearcadh athnuaite maidir leis an todhchaí agus a dtugtar deiseanna do dhaoine óga i margadh an tsaothair. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le bacainní agus le dídhreasuithe i leith rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasachtaí a chur ar fáil ina leith, go háirithe le haghaidh daoine ar ioncam íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh (na mná go minic) agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair, lena n-áirítear daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus pobail imeallacha na Romach. I bhfianaise ganntanas ard lucht saothair i ngairmeacha agus in earnálacha áirithe (go háirithe in earnálacha ETIM, sa chúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, an t-oideachas, an t-iompar agus foirgníocht), ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le soláthar saothair a chothú, go háirithe trí phá agus dálaí oibre leormhaithe a chur chun cinn, agus a áirithiú go spreagtar le dearadh na gcóras cánach agus sochair an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, agus go bhfuil beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair éifeachtach inrochtana, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre a bheidh oiriúnaithe do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais agus theicniúil, faisnéise agus ardaithe feasachta, agus seirbhísí spriocdhírithe lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. Ba cheart dul i ngleic leis na bearnaí fostaíochta agus na bearnaí pá idir na hinscní, chomh maith le steiréitíopaí inscne. Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas | Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit bacainní agus dídhreasuithe a bhaint i leith rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasachtaí a chur ar fáil ina leith, go háirithe le haghaidh daoine ar ioncam íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh (mná go minic) agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair, lena n-áirítear daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus pobal na Romach. I bhfianaise ganntanas ard lucht saothair i ngairmeacha agus in earnálacha áirithe (go háirithe in earnálacha ETIM, sa chúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, an t-oideachas, an t-iompar agus foirgníocht), ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le soláthar saothair a chothú, go háirithe trí phá leormhaith agus dálaí oibre ***córa*** a chur chun cinn, agus a áirithiú go dtacaíonn dearadh na gcóras cánach agus sochair le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, agus go bhfuil beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair éifeachtach inrochtana, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre atá oiriúnaithe do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais agus theicniúil, faisnéise agus ardaithe feasachta, agus seirbhísí spriocdhírithe lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí***, trína bhféadfadh ról lárnach a bheith ag an ngeilleagar sóisialta i bpoist ardchaighdeáin a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas***. ***Ba cheart na treoirlínte éagsúla a forbraíodh faoi chuimsiú phacáiste fostaíochta na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2023-2030 a chur chun feidhme go hiomlán in*** |

deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar rochtain ar cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht, chomh maith le dul i ngleic leis an gciapadh agus leis an bhforéigean ag an obair arb iad na mná a bhíonn thíos leis an bhfadhb go príomha. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, chomh maith leis an trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart réiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach le haghaidh na mban agus na bhfear araon a chur chun cinn, go háirithe trí rochtain a bheith ann ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige atá inacmhainne ar ardchaighdeán, agus trí bheartais leormhaithe fosta lena bhfreastalaítear ar na hathruithe a thagann ar shaol na hoibre de thairbhe an digitithe. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir tuismitheoirí a chur chun cinn.

***ionaid oibre. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gceart chun cóiríocht réasúnta a fháil, ar straitéisí coinneála a úsáid, agus ar an gcomhrac i gcoinne cleachtais idirdhealaitheacha***. Ba cheart dul i ngleic leis na bearnaí fostaíochta agus pá idir na hinscní chomh maith le steiréitíopaí inscne ***ceirde agus margaí saothair atá deighilte ó thaobh inscne de, ina léirítear bearnaí córasacha inscne sa rochtain ar oideachas agus ar oiliúint ábhartha***. Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí bhacainní a bhaint ar rochtain ar cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht, chomh maith le dul i ngleic leis an gciapadh agus leis an bhforéigean ag an obair arb iad na mná a bhíonn thíos leis an bhfadhb go príomha. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, chomh maith leis an trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart réiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach le haghaidh na mban agus na bhfear araon a chur chun cinn, go háirithe trí rochtain a bheith ann ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige atá inacmhainne ar ardchaighdeán, agus trí bheartais leormhaithe fosta lena bhfreastalaítear ar na hathruithe a thagann ar shaol na hoibre de thairbhe an digitithe. ***Tá ceart na n-oibrithe chun dícheangail ríthábhachtach sa chomhthéacs sin.*** Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir tuismitheoirí a chur chun cinn.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, patrúin nua oibre agus samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le dálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus cothromaíocht a bhaint amach idir cearta agus oibleagáidí. Ba cheart dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinfhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Na rialacha maidir le cosaint fostaíochta, dlí an tsaothair agus na hinstitiúidí, ba cheart dóibh timpeallacht oiriúnach le haghaidh earcaíochta a sholáthar maille leis an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun iad féin a chur in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch, agus cearta saothair á gcosaint san am céanna agus cosaint shóisialta á háirithiú, mar aon le leibhéal iomchuí slándála, agus timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus dea-oiriúnaithe le haghaidh gach oibrí. Trí úsáid socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn, amhail teilea-obair, is féidir cur le leibhéil fostaíochta níos airde agus le margaí saothair níos cuimsithí. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit tacú le hoibrithe, gnólachtaí agus gníomhaithe eile sa chlaochlú digiteach, lena n-áirítear trí ghlacadh uirlisí intleachta saorga (IS) eiticiúla iontaofa a chur chun cinn. Is féidir go n-áireofaí air sin beartais chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú le haghaidh gairmeacha nua agus dreasachtaí do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a chur in úsáid lenar féidir an táirgiúlacht a mhéadú, saothar an duine a chomhlánú, agus ganntanais lucht | Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, patrúin nua oibre agus samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le dálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus cothromaíocht a bhaint amach idir cearta agus oibleagáidí. Ba cheart dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinfhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Ba cheart do na rialacha maidir le cosaint fostaíochta, do dhlí an tsaothair agus d'institiúidí cosaint na gceart saothair, ardleibhéal cosanta sóisialta, fostaíocht shlán, earcaíocht ionchuimsitheach agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair a áirithiú mar aon le timpeallachtaí oibre atá curtha in oiriúint do gach oibrí. ***San am céanna, ba cheart do na Ballstáit timpeallacht oiriúnach a áirithiú do chuideachtaí agus d'fhostóirí chun iad féin a oiriúnú d'athruithe. Ba cheart do na Ballstáit rialacháin AE maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ag an obair, chun líon na dtionóiscí marfacha ag an obair a laghdú agus ailse a dhíothú san ionad oibre***. Trí úsáid socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn, amhail teilea-obair, is féidir cur le leibhéil fostaíochta níos airde agus le margaí saothair níos cuimsithí ***agus féadfaidh siad cumasú do ghrúpaí oibrithe a bhí eisiata roimhe seo rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair***. ***San am céanna, tá an baol ann chomh maith go gcaolófaí teorainneacha idir am oibre agus an saol príobháideach, rud a*** |

saothair in earnálacha criticiúla a mhaolú. Tríd agus tríd, agus sa chomhthéacs digiteach go háirithe, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar cearta oibrithe i dtéarmaí am oibre, dálaí oibre, meabhairshláinte ag an obair agus cothromaíocht oibre is saoil a urramú. Ba cheart cosc a chur le caidrimh fostaíochta a mbíonn dálaí oibre forbhásacha mar gheall orthu, lena n-áirítear i gcás na n-oibrithe ardáin, tríd an gcothromaíocht, an trédhearcacht agus an chuntasacht a áirithiú maidir le húsáid algartam, agus trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chomhrac. I gcásanna dífhostaithe éagóraigh, ba cheart rochtain a áirithiú ar mhodh éifeachtach neamhchlaonta maidir le díospóidí a réiteach, agus an ceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith, i gcás inarb infheidhme.

***chuireann béim ar an ngá atá le treoir maidir leis an gceart chun dícheangail***. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit tacú le hoibrithe, gnólachtaí agus gníomhaithe eile sa chlaochlú digiteach, lena n-áirítear trí ghlacadh uirlisí intleachta saorga (IS) eiticiúla iontaofa a chur chun cinn. Is féidir go n-áireofaí air sin beartais, ***arna bhforbairt i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta,*** chun oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú chun gairmeacha nua agus dreasachtaí do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a chur in úsáid lenar féidir an táirgiúlacht a mhéadú, saothar an duine a chomhlánú, agus ganntanais lucht saothair in earnálacha criticiúla a mhaolú. Tríd agus tríd, agus sa chomhthéacs digiteach go háirithe, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar cearta oibrithe i dtéarmaí am oibre, ***an daonlathas ag an obair,*** dálaí oibre, meabhairshláinte ag an obair agus cothromaíocht oibre is saoil a urramú ***agus a chur i bhfeidhm go cothrom ar gach oibrí, beag beann ar mhéid na cuideachta nó ar an mbunchonradh fostaíochta***. Ní mór caidrimh fostaíochta a chosc as a dtagann dálaí oibre forbhásacha***, amhail féinfhostaíocht bhréagach, cúrsaí oiliúna bréagacha nó cineálacha eile fostaíochta faoi cheilt,*** lena n-áirítear cásanna na n-oibrithe ardáin***. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go gcuirfidh na Ballstáit an Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin chun feidhme, go n-áiritheoidh siad gur féidir le daoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha leas iomlán a bhaint as a gcearta agus as a sochair shóisialta, go neartóidh siad cigireachtaí saothair agus go dtabharfaidh siad isteach smachtbhannaí athchomhairleacha. Ba cheart do na Ballstáit*** cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht ***dhaonna*** a áirithiú in algartaim a úsáid, agus i mí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chomhrac. I gcásanna dífhostú éagórach, ba cheart rochtain a áirithiú ar mhodh éifeachtach neamhchlaonta chun díospóidí a réiteach,

| | |
|---|---|
| | agus an ceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith, i gcás inarb infheidhme. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart é a bheith d’aidhm ag beartais feabhas a chur ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar chomhoiriúnú ina leith agus ar aistrithe sa mhargadh saothair, agus tacú leis na beartais sin freisin, agus i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh freisin, lena n-áirítear sna réigiúin is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart do na Ballstáit iad siúd atá in ann páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair a ghníomhachtú agus a chumasú ar bhealach éifeachtach, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht, mar atá mná agus daoine óga, mar aon le grúpaí leochaileacha, mar atá daoine ar bheagán oiliúna agus daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, lena n-áirítear daoine a bhfuil stádas cosanta sealadaí acu, daoine ó phobail imeallaithe Romacha agus oibrithe scothaosta. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme agus éifeacht na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair a neartú tríd an spriocdhíriú, an fhor-rochtain agus an raon atá acu a mhéadú agus tríd an méid sin iad a nascadh ar bhealach níos fearr le seirbhísí sóisialta, cúrsaí oiliúna agus tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe, fad a bhíonn siad ag lorg oibre agus é sin a bheith bunaithe ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí. Ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú agus tacaíocht theicniúil ón Aontas chun feabhas a chur ar acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta chun cúnamh tráthúil saincheaptha a chur ar fáil do | Ba cheart é a bheith d’aidhm ag beartais feabhas a chur ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar chomhoiriúnú ina leith agus ar aistrithe sa mhargadh saothair, agus tacú leis na beartais sin freisin, agus i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh freisin, lena n-áirítear sna réigiúin is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart do na Ballstáit iad siúd atá in ann páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair a ghníomhachtú agus a chumasú ar shlí éifeachtach, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail mná agus daoine óga, mar aon le grúpaí leochaileacha, amhail daoine ar bheagán oiliúna agus daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, lena n-áirítear daoine a bhfuil stádas cosanta sealadaí acu, daoine ó phobail Romacha agus oibrithe scothaosta. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme agus éifeacht na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair a neartú tríd an spriocdhíriú, an fhor-rochtain agus an raon atá acu a mhéadú agus tríd an méid sin iad a nascadh ar bhealach níos fearr le seirbhísí sóisialta, cúrsaí oiliúna agus tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe, fad a bhíonn siad ag lorg oibre agus é sin a bheith bunaithe ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí. Ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú agus tacaíocht theicniúil ón Aontas ***chomh maith le hacmhainní náisiúnta*** chun feabhas a chur ar acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta chun cúnamh tráthúil saincheaptha a chur ar fáil do |

| | |
|---|---|
| chuardaitheoirí poist, freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus bainistiú feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme, agus tacú lena n-acmhainneacht úsáid a bhaint as teicneolaíocht sonraí agus dhigiteach. ***Tá ról ag seirbhísí príobháideacha fostaíochta i ndáil leis sin freisin.*** | chuardaitheoirí poist, freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus bainistiú feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme, agus tacú lena n-acmhainneacht úsáid a bhaint as teicneolaíocht sonraí agus dhigiteach. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus leis na rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. Le sochair dhífhostaíochta, níor cheart dóibh an filleadh pras ar an bhfostaíocht a dhídhreasú agus ba cheart beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leo, lena n-áirítear bearta uas-scilithe agus athscilithe, i bhfianaise ganntanas saothair agus scileanna freisin. | Ba cheart do na Ballstáit sochair leormhaith dhífhostaíochta ar feadh tréimhse leordhóthanach a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir lena ranníocaíochtaí agus rialacha náisiúnta incháilitheachta ***agus bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe***. Ba cheart beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear bearta uas-scilithe agus athscilithe, i bhfianaise ganntanas ***agus neamhréireanna saothair agus scileanna chomh maith, agus tacaíocht ó shásraí foghlama frithpháirtí idir na Ballstáit***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart soghluaisteacht foghlaimeoirí, printíseach agus oibrithe a mhéadú agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt di sin, go háirithe i gcomhair foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a bhfuil níos lú taithí soghluaisteachta acu, | Ba cheart soghluaisteacht foghlaimeoirí, printíseach agus oibrithe a mhéadú agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt di sin, go háirithe i gcomhair foghlaimeoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a bhfuil níos lú taithí soghluaisteachta acu, |

agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige sin a scileanna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht mhargadh saothair na hEorpa agus rannchuidiú le hiomaíochas ar leibhéal an Aontais. Ba cheart dul i ngleic le bacainní ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, lena n-áirítear nósanna imeachta chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint nó chun cearta slándála sóisialta a fuarthas a aistriú. Ba cheart dálaí cothroma cuibhiúla a áirithiú dóibh siúd uile a shaothraíonn gníomhaíocht trasteorann trí idirdhealú a sheachaint agus trí chóir chomhionann le náisiúnaigh an Aontais a áirithiú, trí reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú agus trí dhlús a chur leis an gcomhar riaracháin idir údaráis riaracháin náisiúnta maidir le hoibrithe taistil, agus leas á bhaint as cúnamh an Údaráis Eorpaigh Saothair.

agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige sin a scileanna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht mhargadh saothair na hEorpa agus rannchuidiú le hiomaíochas ar leibhéal an Aontais. Ba cheart dul i ngleic le bacainní ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, lena n-áirítear nósanna imeachta chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint nó chun cearta slándála sóisialta a fuarthas a aistriú. ***Bunaithe ar obair SMET (Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair), ba cheart do na Ballstáit a gceanglais tuairiscithe a shimpliú agus a chaighdeánú.. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a chur ar chumas a lucht riaracháin doiciméid chaighdeánaithe a fháil i dteangacha eile an Aontais.*** Ba cheart dálaí cothroma cuibhiúla a áirithiú dóibh siúd uile a shaothraíonn gníomhaíocht trasteorann trí idirdhealú a sheachaint agus trí chóir chomhionann le náisiúnaigh an Aontais a áirithiú, trí reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú agus trí dhlús a chur leis an gcomhar riaracháin idir údaráis riaracháin náisiúnta maidir le hoibrithe taistil, agus leas á bhaint as cúnamh an Údaráis Eorpaigh Saothair. ***Agus iad ag tacú le soghluaisteacht an lucht saothair, ba cheart do na Ballstáit cur go héifeachtach i gcoinne an tionchair dhiúltaigh a bhíonn ag imirce daoine oilte i réigiúin áirithe, go háirithe i mBallstáit an deiscirt agus an oirthir agus i gceantair iargúlta agus thuaithe.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart tacú le soghluaisteacht oibrithe i ngairmeacha criticiúla agus oibrithe trasteorann, oibrithe séasúracha agus | Ba cheart tacú le soghluaisteacht oibrithe i ngairmeacha criticiúla agus oibrithe trasteorann, séasúracha agus ar postú i gcás |

| | |
|---|---|
| oibrithe ar postú i gcás ina bhfuil dúnadh sealadach teorann mar thoradh ar chúinsí sláinte poiblí. Ba cheart do na Ballstáit tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí tallainne a thuilleadh chun feabhas a chur ar chonairí imirce dleathacha trí scéimeanna nua soghluaisteachta a sheoladh agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le beartas cuimsithe éifeachtach le haghaidh oibrithe agus a dteaghlaigh, lena gcuimsítear oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oiliúint teanga, fostaíocht, sláinte agus tithíocht. | dúnadh sealadach teorann. Ba cheart do na Ballstáit tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí tallainne a thuilleadh chun feabhas a chur ar chonairí imirce dleathacha trí scéimeanna nua soghluaisteachta a sheoladh agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le beartas cuimsithe éifeachtach le haghaidh oibrithe agus a dteaghlaigh, lena gcuimsítear oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oiliúint teanga, fostaíocht, sláinte agus tithíocht. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh na dálaí iomchuí a chruthú le haghaidh cineálacha nua oibre agus modhanna nua oibre, a ngealltanais a chomhlíonadh maidir lena n-acmhainneacht poist a chruthú, agus a áirithiú, san am céanna, go bhfuil na cearta sóisialta atá ann cheana á gcomhlíonadh acu. Ba cheart dóibh comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme i gcomhthéacs conarthaí neamhthipiciúla agus foirmeacha nua oibre, amhail obair trí ardáin dhigiteacha, nó trí shocruithe teilea-oibre buana nó leathbhuana. Maidir leis an méid sin, is féidir le comhpháirtithe sóisialta ról ríthábhachtach a imirt agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo teagmháil a dhéanamh le daoine agus ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine a bhíonn i mbun obair neamhthipiciúil agus foirmeacha oibre nua. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú ar thacaíocht a chur ar fáil don fhorfheidhmiú – mar shampla treoirlínte nó oiliúint thiomnaithe le haghaidh lucht cigireachta saothair – maidir leis na dúshláin a eascraíonn as cineálacha nua eagrúcháin oibre, lena n- | Ba cheart do na Ballstáit a bheith ag dréim leis na dálaí iomchuí a chruthú i gcás cineálacha nua oibre agus modhanna nua oibre, a ngealltanais a chomhlíonadh chun poist a chruthú, agus a áirithiú, san am céanna, go bhfuil na cearta sóisialta atá ann cheana á gcomhall acu ***chomh maith le dlí saothair an Aontais agus dlí saothair náisiúnta***. Ba cheart dóibh comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme i gcomhthéacs conarthaí neamhthipiciúla agus foirmeacha nua oibre, amhail obair trí ardáin dhigiteacha, nó trí shocruithe teilea-oibre. Maidir leis an méid sin, is féidir le comhpháirtithe sóisialta ról ríthábhachtach a imirt agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo teagmháil a dhéanamh le daoine agus ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine a bhíonn i mbun obair neamhthipiciúil agus foirmeacha oibre nua. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú ar thacaíocht a chur ar fáil don fhorfheidhmiú – amhail ***ról, acmhainní agus cumas na cigireachta saothair a neartú agus bearta breise amhail*** treoirlínte nó oiliúint thiomnaithe le haghaidh cigirí saothair – maidir leis na dúshláin a eascraíonn as |

| | |
|---|---|
| áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus na hIntleachta Saorga, amhail bainistiú de réir algartam, faireachas ar oibrithe agus teilea-obair. | cineálacha nua eagrúcháin oibre, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus IS, amhail bainistiú de réir algartam, faireachas ar oibrithe agus teilea-obair. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach ar gach leibhéal, lena n-áirítear cómhargáil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú san am céanna. Ba cheart do na Ballstáit ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ar bhealach córasach, fóinteach agus tráthúil i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, agus i gceapadh beartas eacnamaíoch agus beartas poiblí eile, lena n-áirítear i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil. Ba cheart do na Ballstáit leibhéal níos airde cumhdaigh cómhargála a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhorbairt agus neartú acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, cómhargáil éifeachtach a chumasú ar gach leibhéal iomchuí agus comhordú idir na leibhéil sin agus ar fud na leibhéal sin a spreagadh. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú. | Ba cheart do na Ballstáit ***an daonlathas ag an obair a chothú agus*** timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach ar gach leibhéal, lena n-áirítear cómhargáil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú san am céanna. Ba cheart do na Ballstáit ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ar bhealach córasach, fóinteach agus tráthúil i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, agus i gceapadh beartas eacnamaíoch agus beartas poiblí eile, lena n-áirítear i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil. Ba cheart do na Ballstáit leibhéal níos airde cumhdaigh cómhargála a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhorbairt agus neartú acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, cómhargáil éifeachtach a chumasú ar gach leibhéal iomchuí agus comhordú idir na leibhéil sin agus ar fud na leibhéal sin a spreagadh. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích i saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú. ***Ba cheart do na Ballstáit Treoir (AE)*** |

***2022/2041 a chur chun feidhme gan mhoill agus pleananna gníomhaíochta a ullmhú chun an cumhdach cómhargála a mhéadú i gcomhréir leis an treoir sin, i gcás inarb infheidhme.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb ábhartha, agus mar fhorbairt ar na cleachtais náisiúnta atá ann faoi láthair, ba cheart do na Ballstáit taithí ábhartha eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a chur i gcuntas. | ***Gan dochar d'inniúlachtaí agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta ná dá gceart comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích,*** agus ag cur leis na cleachtais náisiúnta láithreacha, ba cheart do na Ballstáit taithí ábhartha eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a chur i gcuntas freisin, i gcás inarb ábhartha. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit margaí saothair cuimsitheacha atá oscailte do chách a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh cóir chothrom a áirithiú i ndáil leis an bhfostaíocht, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte, oideachas agus cúram na luath-óige, an cúram fadtéarmach, an t-oideachas agus rochtain ar earraí agus ar | Ba cheart do na Ballstáit margaí saothair cuimsitheacha atá oscailte do chách a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a ***dhíothú*** agus chun comhionannas deiseanna a ***áirithiú***, go háirithe le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh cóir chothrom a áirithiú i ndáil leis an bhfostaíocht, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte, oideachas agus cúram na luath-óige, ***an faoiseamh agus*** an cúram fadtéarmach, an t-oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. | tithíocht, gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint shóisialta atá leormhaith éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar do chách, ag gach céim den saol, agus an cuimsiú sóisialta agus an tsoghluaisteacht shóisialta aníos á gcothú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair á dreasú, tacú le hinfheistíocht shóisialta, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas, lena n-áirítear leis an gcaoi a ndeartar a gcáinchórais agus a gcórais sochair agus trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar dáileach na mbeartas. Agus cineálacha uilíocha de chur chuige á gcomhlánú le cur chuige sprioc-dhírithe, déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta freisin feabhas a chur ar a athléimneacht ó dhúshláin ilghnéitheacha. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na teaghlaigh leochaileacha is mó a ndéanann na haistrithe glasa agus digiteacha agus ardchostas maireachtála difear dóibh, lena n-áirítear costais fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar bhearnaí sa rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar chineálacha oibre neamhthipiciúla. | Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint shóisialta atá leormhaith éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar do chách, ag gach céim den saol, agus an cuimsiú sóisialta agus an tsoghluaisteacht shóisialta aníos á gcothú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair á dreasú, tacú le hinfheistíocht shóisialta, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas, lena n-áirítear leis an gcaoi a ndeartar a gcáinchórais agus a gcórais sochair agus trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar dáileach na mbeartas. Agus cineálacha uilíocha de chur chuige á gcomhlánú le cur chuige sprioc-dhírithe, déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta freisin feabhas a chur ar a athléimneacht ó dhúshláin ilghnéitheacha. Ba cheart ***tacú*** ar leith leis na teaghlaigh leochaileacha is mó dá ndéanann ***an t-athrú aeráide, na haistrithe glasa agus digiteacha, na dúshláin a bhaineann leis*** an ardchostas maireachtála difear, lena n-áirítear costais fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit breis aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar chineálacha oibre neamhthipiciúla. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin ar ardchaighdeán, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Le córais cosanta sóisialta ba cheart sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú do gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thacú le daoine agus iad a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí sholáthar spriocdhírithe seirbhísí sóisialta. Coinníoll riachtanach chun comhionannas deiseanna a áirithiú is ea an infhaighteacht seirbhísí inacmhainne, inrochtana agus ardcháilíochta, cur i gcás oideachas agus cúram na luath-óige, cúram lasmuigh den scoil, oideachas, oiliúint, tithíocht, agus cúram sláinte agus fadtéarmach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre, i gcomhréir le príomhspriocanna an Aontais agus príomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir leis an mbochtaineacht a laghdú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí agus ar an eisiamh sóisialta go háirithe trí bhearta cuimsitheacha comhtháite, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Ba cheart dóibh rochtain ar thithíocht leormhaith inacmhainne agus shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú do dhaoine atá i ngátar nó atá i staid leochaileach. Ba | Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin ar ardchaighdeán, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart do chórais cosanta sóisialta sochair leordhóthanacha mar ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu féin agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thacú le daoine ***in aois fostaíochta*** agus trína spreagadh le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí sheirbhísí sóisialta spriocdhírithe a sholáthar. Seirbhísí inacmhainne inrochtana ar ardchaighdeán a bheith ar fáil, amhail oideachas agus seirbhísí cúram luathóige, cúram iarscoile, oideachas, oiliúint, tithíocht, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach ***chomh maith le cúram faoisimh agus tacaíocht do chúramóirí***, is coinníoll riachtanach é sin chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre, i gcomhréir le príomhspriocanna an Aontais agus príomhspriocanna náisiúnta do 2030 maidir leis an mbochtaineacht a laghdú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí agus ar an eisiamh sóisialta go háirithe trí bhearta cuimsitheacha comhtháite, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Ba cheart dóibh rochtain ar thithíocht |

| | |
|---|---|
| cheart aistriú fuinnimh glan agus cothrom a áirithiú leo sin agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh mar chineál bochtaineachta atá ag éirí níos suntasaí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta tacaíochta spriocdhírithe atá dírithe ar theaghlaigh i gcásanna leochaileacha. Ba cheart do na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as cistiú agus tacaíocht theicniúil ón Aontas chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta, in athchóiriú tithíochta agus i seirbhísí tionlacain agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarghá atá le tithíocht inacmhainne chuibhiúil. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídine go sonrach trí rochtain ar thithíocht bhuan agus soláthar seirbhísí tacaíochta cumasúcháin a chur chun cinn. | leormhaith inacmhainne agus shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú do dhaoine atá i ngátar nó atá i staid leochaileach. Ba cheart aistriú fuinnimh glan agus cothrom a áirithiú leo sin agus aghaidh a thabhairt ***go práinneach*** ar an mbochtaineacht fuinnimh mar chineál bochtaineachta atá ag éirí níos suntasaí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta tacaíochta spriocdhírithe atá dírithe ar theaghlaigh i gcásanna leochaileacha. Ba cheart do na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as cistiú agus tacaíocht theicniúil ón Aontas chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta, in athchóiriú tithíochta agus i seirbhísí tionlacain agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarghá atá le tithíocht inacmhainne chuibhiúil. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídine go sonrach trí rochtain ar thithíocht bhuan ***(cur chuige tús áite don tithíocht)*** agus soláthar seirbhísí tacaíochta cumasúcháin a chur chun cinn. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit rochtain thráthúil ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach leigheasach agus ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma san am céanna. I gcomhthéacs éileamh méadaitheach ar chúram fadtéarmach, atá nasctha freisin le hathruithe déimeagrafacha, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa leordhóthanacht, chomh maith le ganntanas lucht saothair agus drochdhálaí oibre. | Ba cheart do na Ballstáit rochtain thráthúil ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach leigheasach agus ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma san am céanna. I gcomhthéacs éileamh méadaitheach ar chúram fadtéarmach, atá nasctha freisin le hathruithe déimeagrafacha, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i leordhóthanacht, chomh maith le ***ganntanas saothair, drochdhálaí*** oibre ***agus go minic luach saothair neamhleor cúramóirí***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Iarscríbhinn – treoirlíne 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhthéacs an mhéadaithe ar an bhfad saoil agus ar an athrú déimeagrafach, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir maidir le cearta pinsin a fháil agus a fhabhrú, lena n-áirítear trí scéimeanna forlíontacha chun ioncam leordhóthanach i seanaois a áirithiú. Ba cheart tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe pinsean le beartais a bhfuil sé d'aidhm acu an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú agus bearta a chuireann síneadh leis an saol oibre, amhail an aois scoir iarbhír a ardú, go háirithe trí rannpháirtíocht daoine scothaosta i margadh an tsaothair a éascú, agus ba cheart iad a cheapadh laistigh de straitéisí gníomhacha aosaithe. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus céimniú isteach iomchuí na n-athchóirithe a cheadú. | I gcomhthéacs an mhéadaithe ar an bhfad saoil agus ar an athrú déimeagrafach, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir maidir le cearta pinsin a fháil agus a fhabhrú, lena n-áirítear trí scéimeanna forlíontacha chun ioncam ***scoir réasúnta os cionn líne na bochtaineachta*** a áirithiú. Ba cheart tacú le hathchóirithe pinsean trí bheartais arb é is aidhm dóibh an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú, ***lena n-áirítear trí thréimhsí saoire máithreachais agus saoire do thuismitheoirí a bhfuil luach leordhóthanach orthu, agus chun aosú gníomhach folláin agus dálaí córa oibre a chur chun cinn chun a áirithiú gur féidir le hoibrithe fanacht i bhfostaíocht go dtí go mbainfidh siad an aois scoir reachtúil amach***. ***San am céanna, ba cheart go mbeadh an deis ag oibrithe ar mian leo fanacht gníomhach tar éis dóibh an aois scoir a bhaint amach***. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus lamháil do chéimniú iomchuí na n-athchóirithe. |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, sula nglacfar sa choiste í:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC) |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát |
| **Tagairtí** | COM(2024)0599 – C10-0084/2024 – 2024/0599(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 15.7.2024 |
| **Coistí freagracha** | EMPL |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Li Andersson<br>23.7.2024 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 23.7.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 4.9.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.10.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 2<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Grégory Allione, Li Andersson, Marc Angel, Pascal Arimont, Nikola Bartůšek, Gabriele Bischoff, Rachel Blom, Andrzej Buła, Estelle Ceulemans, Leila Chaibi, Per Clausen, Johan Danielsson, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Chiara Gemma, Niels Geuking, Isilda Gomes, Irena Joveva, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Marit Maij, Marlena Maląg, Idoia Mendia, Maria Ohisalo, Branislav Ondruš, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Villy Søvndal, Georgiana Teodorescu, Romana Tomc, Jana Toom, Raffaele Topo, Francesco Torselli, Marianne Vind, Mariateresa Vivaldini, Petar Volgin |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vivien Costanzo, Raúl de la Hoz Quintano, Klára Dobrev, Kathleen Funchion, Rudi Kennes, András Tivadar Kulja, Lara Magoni, Hristo Petrov, Giusi Princi, Cecilia Strada, Maria Zacharia |
| **Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Falcone, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| **Dáta don chur síos** | 7.10.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 38 | + |
|---|---|
| ESN | Petar Volgin |
| NI | Branislav Ondruš, Maria Zacharia |
| PPE | Pascal Arimont, Andrzej Buła, Raúl de la Hoz Quintano, Marco Falcone, Niels Geuking, András Tivadar Kulja, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Giusi Princi, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc |
| Renew | Grégory Allione, Irena Joveva, Hristo Petrov, Jana Toom |
| S&D | Marc Angel, Gabriele Bischoff, Estelle Ceulemans, Vivien Costanzo, Johan Danielsson, Klára Dobrev, Isilda Gomes, Marit Maij, Idoia Mendia, Cecilia Strada, Raffaele Topo, Marianne Vind |
| The Left | Li Andersson, Leila Chaibi, Per Clausen, Kathleen Funchion, Rudi Kennes |
| Na Glasaigh/SCE | Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Villy Søvndal |

| 2 | - |
|---|---|
| PfE | Nikola Bartůšek, Rachel Blom |

| 9 | 0 |
|---|---|
| CLE | Chiara Gemma, Lara Magoni, Marlena Maląg, Georgiana Teodorescu, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini |
| EPP | Miriam Lexmann |
| PfE | Marie Dauchy, Mélanie Disdier |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh